

I nDil Chuimhne

Máire Uí Mhuirí

Máire Uí Mhuirí

19 Aibreán 1929 - 15 Lúnasa 2026



Aifreann na Marbh

Séipéal San Filimín, Baile Phámar

Déardaoín 20 Lúnasa 2026

11a.m.

Comhcheiliúraithe:

An Canónach Tony Reilly / An tAthair P.J. Madden

Ceol: Séamus Ong agus cairde

Iomann Iontrála /Ceol

S In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

P Amen

S Go raibh an Tiarna libh.

P Agus le do spiorad.

S A Thiarna, déan trócaire. **P A Thiarna , déan trócaire.**

S A Chríost, déan trócaire. **P A Chríost, déan trócaire.**

S A Thiarna, déan trócaire. **P A Thiarna, déan trócaire.**

An Chéad Léacht:

Ciara

Sliocht as Leabhar Ecclesiastes [3:1-14]

Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir:

tráth breithe, tráth báis;

tráth curtha síl, tráth bainte fómhair;

tráth leighis, tráth tógála,

tráth goil, tráth gáire;

tráth caointe, tráth rince;

tráth scaipthe cloch, tráth bailithe cloch;

tráth beirthe barróg, tráth séanta barróg;

tráth cuardaigh, tráth caillte;

tráth coimeádta, tráth caite;

tráth stróicthe, tráth fuála;

tráth tosta, tráth cainte;

tráth grá, tráth síochána.

A reading from the Book of Ecclesiastes [3:1-14]

For everything there is a season,

and a time for every matter under heaven:

a time to be born and a time to die;

a time to plant and a time to pluck up what is planted;

a time to heal; and a time to build up;

a time to weep and a time to laugh;

a time to mourn and a time to dance;

a time to throw away stones and a time to gather stones together;

a time to embrace and a time to refrain from embracing;

a time to seek and a time to lose;

a time to keep and a time to throw away;

a time to tear and a time to sew;

a time to be silent and a time to speak;

a time to love and a time for peace.

L Briathar an Tiarna

P Buíochas le Dia.

Salm le Freagra Sm 22

F Is é an Tiarna m'aoire, ní bheidh aon ní de dhith orm.

Is é an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé féin i mo luí mé
i móinéar féir ghlais.
Seolann sé ar imeall an uisce mé
mar a bhfaighim suaimhneas. F.

Seolann sé ar rianta díreacha
mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais,
níor bhaol liom an t-olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall
chun sólás a thabhairt dom. F.

Cóiríonn tú bord chun béile dom
i láthair mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola;
tá mo chupán ag cur thar maoil. F.

Leanfaidh cineáltas is fabhar mé
gach uile lá de mo shaol;
i dteach an Tiarna a mhairfidh mé
go brách na breithe. F.

An Dara Léacht *Sadhbh*

Sliocht as leabhar an Apacailipsis [14:13]

Is beannaithe iad na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna.

Chuala mise, Eoin, an guth ó na flaithis á rá: ‘Scríobh: Is beannaithe na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna, as seo amach; is ea! Sin é a deir an spiorad, go scoirfidh siad dá saothar mar tá a noibreacha á leanúint.’

A reading from the book of Revelation [14:13]

Blessed are those who die in the Lord!

I, John, heard a voice from heaven say to me, ‘Write down; Blessed are those who die in the Lord! Blessed indeed, the Spirit says, now they can rest for ever after their work, since their good deeds go with them’.

L Briathar an Tiarna

P Buíochas le Dia.

Alleluia: Iomann / Ceol

S Go raibh an Tiarna

P Agus le do spiorad

S Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin

P Glóir duit, a Thiarna

Soiscéal (Gospel) [Eoin 6:51-58]

S Soiscéal an Tiarna

P Moladh duit, a Chríost

Aitheasc

Guí an Phobail (Prayers of the Faithful)

Urnaí 1 Caoilfhionn

Sa bhaisteadh gealladh an bheatha shíoraí do Mhamó. Tabhair di páirt a bheith aici i gcomaoín na naomh go deo.

For Mamó who in baptism was given the pledge of eternal life, that she may now be admitted to the company of the saints.

L A Thiarna, éist linn.

P A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Urnaí 2 Aoife

Guímíd ar son muintir agus cairde Mamó – go bhfaighe siad sólas ón Tiarna a shíl na deora os cionn uaigh Lazarus.

For ourselves the family and friends of Mamó, that we may be consoled in this grief by the Lord, who wept at the death of his friend Lazarus.

L A Thiarna, éist linn.

P A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Urnaí 3 Gráinne

Guímíd ar a son siúd a thug aire do Mam, na haltraí agus na cúramóirí in Ionad Chúraim Dhún Seachlainn agus go háirithe ar son Evelyn a thug aire do Mam sa bhaile ar feadh 10 mbliana as a chéile. Go gcúití Dia a saothar leo.

We pray for those who cared for Mam in her last years, the nurses and carers in Dunshaughlin Care Home – and especially Evelyn who took such good care of her at home for over 10 years. May the Lord reward their valuable work.

L A Thiarna, éist linn.

P A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Urnaí 4 Niall / Cormac

Guímíd ar son ár ngaolta agus ár gcairde atá marbh go háirithe Séamus, a fear céile, Caitlín, a deirfiúr, Tomás, a deartháir agus Fiodhna, bean chéile Cholm. Go bhfáiltí Dia rompu isteach sa solas soilseach ina láthair féin.

For our deceased relatives and friends, especially Séamus her late husband, her siblings Kay and Tom and daughter-in-law Fiodhna. May God welcome them into the light of his presence.

L A Thiarna, éist linn.

P A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Urnaí 5 *Conor*

Guímí orthu siúd a bhfuil cúram poiblé orthu. Go saothraí siad ar son an chirt agus ar son na síochána – agus in aghaidh cogaí ar fud an domhain.

For those in public life, that they may promote justice and peace and work towards an end to wars in troubled parts of the world..

L A Thiarna, éist linn.

P A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Tabhairt Aníos na mBronntanas Ofrála (Presentation of Gifts) Helen/Ger

Iomann / Ceol

Liotúirge na hEocairiste

S A Phobal Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

P Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile, Amen.

An Phreafáid

S Go raibh an Tiarna libh

P Agus le do spiorad.

S Tógaigí bhur gcoíthe in airde.

P Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

S Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

P Is ceart agus is cóir sin.

S Is ceart agus is cóir dúinn á rá gan stad:

P Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

Hósanna sna harda.

Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.

Hósanna sna harda.

Paidir Eocairisteach

S Rúndiamhair an chreidimh

P Mo Thiarna agus mo Dhia

Deasghnátha na Comaoineach

S Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againna rá:

S&P Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d’ainm, go dtaga do ríocht,

Go ndéantat do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,

Agus maith dúinn ár bhfiacha,

Mar a mhaithimidne dár bhfeichiúna féin,

Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

S Saor sinn

P Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

S Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

P Agus le do spiorad.

P A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn (X 2)

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

S Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

P A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m’anam.

An Chomaoineach

Iomann 1 / Ceol_

Iomann 2 / Ceol_

Óráid Mholta : Colm

S Go raibh an Tiarna libh.

P Agus le do spiorad.

S Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

P Amen.

S Tá an tAifreann thart. Imígí faoi shíochán.

P Buíochas le Dia.

Deasghnátha na Sochraide

Amhrán Deiridh / Ceol: An Chúilfhionn



CUNNINGHAM'S
Funeral Directors